



Comhairle na
nDochtúirí Leighis
Medical Council


Ráiteas Straitéise Chomhairle na nDochtúirí Leighis, 2025 - 2028

Rialáil leighis éifeachtach chun an
pobal a chosaint



Brollach	3
Obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis - Ár bPríomhghníomhaíochtaí	4
An Próiseas Comhairliúcháin	5
Ár gCuspóir agus Ár bhFís	6
Ár dTreoirphrionsabail	7
Ár dTéamaí Straitéiseacha	8
Téama Straitéiseach a hAon: Athrú	10
Téama Straitéiseach a Dó: Cothromaíocht	12
Téama Straitéiseach a Trí: Cumasú agus Tacaíocht	14
Téama Straitéiseach a Ceathair: Infheistiú	16
Torthaí Straitéiseacha	17
Ár gCumasóirí Straitéiseacha	18

Rialáil leighis éifeachtach chun an pobal a chosaint



Leagann an plean
straitéiseach seo amach
ár dtiomantas d'fheabhsú
leanúnach, don
trédhearcacht agus don
chuntasacht.

Brollach

I gcomhthéacs cúram sláinte atá ag síorathrú, tá ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis, mar rialtóir dochtúirí, níos tábhachtaí ná riamh. Tá dochtúirí ag obair i gcóras cúram sláinte atá ag dul faoi athruithe móra agus tá ag éirí ar an méid a mbítear ag súil leis uathu, ar an éileamh orthu agus ar chastacht an chórais i rith an ama. Chuige sin, tá an Chomhairle tiomanta do chinntiú go gcosnaítear an pobal agus go dtugtar tacaíocht do dhochtúirí chun ardchaighdeán de chleachtas míochaine a bhaint amach.

Bunaíodh an rialáil leighis ar mhaithe leis an bpobal a chosaint. Mar rialtóir, is é an ról atá againn a chinntiú go bhfuil an pobal sábháilte ina n-idirghníomhaíochtaí le dochtúirí. Tá gairm na ndochtúirí fós ar na gairmeacha is mó a bhfuil muinín ag pobal na hÉireann aisti. Leanfaimid orainn ag tacú le dochtúirí na leibhéil arda muiníne poiblí sin a choinneáil trí na caighdeáin is airde inniúlachta agus iompair ghairmiúil a bhaint amach.

Tá comhaltaí na Comhairle agus an fhoireann feidhmiúcháin an-eolach ar nádúr athraitheach an chleachtais leighis agus ar na rioscaí nua (atá leanúnach) atá ag teacht chun cinn maidir le cúram sláinte a sholáthar. Tuigimid nach bhfuil torthaí othar faoi smacht dochtúirí amháin agus go mbíonn tionchar suntasach ag an gcóras nó ag an timpeallacht cúram sláinte níos leithne ar shábháilteacht othar. Leanfaimid orainn ag obair le heagraíochtaí páirtithe leasmhara chun teacht ar athruithe agus ar réimsí is féidir a fheabhsú a mbeidh tionchar dearfach acu ar shábháilteacht othar.

Leagann an plean straitéiseach seo amach ár dtiomantas d'fheabhsú leanúnach, don trédhearcacht agus don chuntasacht. Tuigimid gurb é an dearcadh traidisiúnta ar rialáil ghairmiúil ná gur súil ghéar agus forfheidhmiú atá i gceist léi, ach ní mór go mbainfidh sí le treoir agus tacaíocht a thabhairt, le tionchar a imirt ar chúrsaí agus le comhar. I saolré na straitéise seo, tá sé mar aidhm againn a bheith ag obair níos dlúithe le dochtúirí, cabhrú leo a bhfreagrachtaí gairmiúla a chomhlíonadh agus cultúr foghlama ar feadh an tsaoil agus cúram othar-lárnach a chothú i rith an ama.

Leagann ár bplean straitéiseach amach cur chuige atá comhréireach, comhbhách maidir le rialáil agus cothrom thar ghairmré iomlán dochtúirí, ón oideachas fochéime go dtéann siad ar scor. Le tacaíocht ónár bhfoireann thiomanta, le comhar na ndochtúirí a rialaíonn muid, agus le muinín an phobail, táimid ag tnúth le cuidiú le todhchaí a mhúnlú ina bhfaighidh gach othar in Éirinn cúram sábháilte, éifeachtach agus comhbhách ónár ndochtúirí.

Ár mbuíochas ó chroí leis na hothair, leis na dochtúirí, leis an bhfoireann agus leis na páirtithe leasmhara a thug a gcuid ama go fial chun cuidiú le forbairt na straitéise seo.



An Dr. Suzanne Crowe

Uachtarán

Ár bPríomh-ghníomhaíochtaí

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht atá freagrach as liachleachtóirí cláraithe in Éirinn a rialú faoi Acht na Liachleachtóirí, 2007 ('an tAcht').


San Acht, is í príomhfhreagracht na Comhairle ná 'cosaint an phobail'. Tá raon feidhmeanna ag an gComhairle a chuireann ar a cumas an fhreagracht sin a chomhlíonadh.

Is iad ár bhfeidhmeanna:

- Na nithe seo a leanas a leagan síos, agus monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh orthu -
 - caighdeáin oideachais agus oiliúna do liachleachtóirí cláraithe
 - caighdeáin chun inniúlacht ghairmiúil a chothabháil
 - caighdeáin oideachais agus oiliúna do liachleachtóirí cláraithe.
- Clár na liachleachtóirí a choinneáil, nósanna imeachta agus critéir a bhunú le haghaidh clárúcháin agus eisiúint deimhnithe clárúcháin agus athnuaite.
- Gearáin a dhéantar faoi dochtúirí a bhainistiú lena chinntiú go bhfuil an pobal cosanta agus go bhfuil dochtúirí inniúil chun cleachtadh.

Síos tríd an doiciméad seo, úsáidimid an téarma 'dochtúir' mar théarma a thagraíonn do liachleachtóir agus do dhuine atá cáilithe agus atá ar chlár na liachleachtóirí.

Príomhfheidhmeanna



Cur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise seo

Cuirfear an ráiteas straitéise seo i bhfeidhm thar cheithre bliana. Cé go leagtar amach cuspóirí ardleibhéil sa straitéis, leagfar amach cuspóirí níos mionsonraithe sna plananna gnó bliantúla.

Ligfidh an próiseas planála gnó bliantúil don Chomhairle cuspóirí breise nó mionathraithe a ionchorprú le linn shaolré an ráitis straitéise, agus imthosca a athraíonn a thabhairt san áireamh.

An Próiseas Comhairliúcháin

Reáchtáil Comhairle na nDochtúirí Leighis comhairliúchán poiblí i mí Lúnasa agus Meán Fómhair 2023 chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt ár bplean straitéisigh ceithre bliana. Reáchtáil sé próiseas comhairliúcháin poiblí eile maidir le dréachtstraitéis i Meán Fómhair 2024.

Tugadh cuireadh don phobal, lena n-áirítear othair, grúpaí othar, an ghairm leighis, na meáin, agus páirtithe leasmhara eile, a dtuairimí a thabhairt i suirbhéanna ar líne. Chuir sé ar ár gcumas dúinn raon leathan aiseolais a fháil ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí araon, rud a rinne eolas don phlean seo.

Príomhthéamaí a tháinig chun cinn sa chéad chomhairliúchán

Thit an t-aiseolas a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin go mór mór faoi na ceithre théama seo a leanas a dtugtar aghaidh orthu sa straitéis seo:


- Trédhearcacht, infheictheacht agus muinín a mhéadú.
- Comhar agus comhtháthú le páirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí eile a mhéadú.
- Struchtúr agus éifeachtúlacht na gcroíphróiseas a fheabhsú.
- An méid a mbíonn iarratasóirí, dochtúirí, an pobal agus príomhpháirtithe leasmhara ag súil leis a bhainistiú níos fearr.

Príomhthéamaí ón dara comhairliúchán


Bhí an t-aiseolas ón dara próiseas comhairliúcháin ar dhréachtstraitéis dearfach den chuid is mó. Leag sé béim ar an ngá atá le soiléiriú ar roinnt príomhchoincheapa, amhail comhbhá agus cineáltas sa rialáil agus sa rialáil chuí oiriúnach. Iarradh soiléiriú freisin ar an dóigh a dtacódh Comhairle na nDochtúirí Leighis le dochtúirí.




580
freagra san iomlán ó
dhá chomhairliúchán
phoiblí



75%
Dochtúirí




8%
Ionadaithe poiblí
agus othar



Tá an plan seo bunaithe ar
agallaimh struchtúrtha le
hothair agus le dochtúirí freisin

Rinne **seacht**
n-eagraíocht
leasmhara
aighneachtaí faoin
dréachtstraitéis
lasmuigh den
cheistneoir a
foilsíodh



Is é an **CUSPÓIR** atá againn ná an pobal a chosaint agus a chinntiú go bhfuil dochtúirí sábháilte gairmiúil

Is í an **FHÍS** atá againn ná a bheith mar rialtóir dochtúirí atá iontaofa, comhbhách agus éifeachtach

Ár gCuspóir agus Ár bhFís

Léiríonn ár gCuspóir, ár bhFís agus ár dTreoirphrionsabail an méid ar a ndíreoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis sna ceithre bliana amach romhainn.

Is í an Fhís atá againn ná a bheith mar rialtóir gairmiúil as a mbeidh muinín ag an bpobal agus ag dochtúirí, agus ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go cothrom, go héifeachtúil agus go comhbhách.

Chun ár bhfís mar rialtóir éifeachtach a thabhairt chun feidhme, táimid tiomanta dár gcroíphróisis riaracháin a fheabhsú, do bheith cineálta¹ agus comhbhách inár gcumarsáid le dochtúirí agus leis an bpobal, do chinntiú gur eispéireas dearfach a bhíonn acu, chomh fada agus is féidir.

Cuirfimid prionsabail an Rialacháin Chúí Oiriúnaigh i bhfeidhm freisin² inár bpróisis ghearáin agus fiosrúcháin, agus déanfaidh muid níos mó chun tacú le folláine ghairmiúil dochtúirí ar feadh a ngairmré ón am a thosaíonn siad ar an scoil leighis go dtéann siad ar scor.

1 An Cineáltas a Chothú: Tá Public Protection and Health Professional Regulation June 2022, International Journal for Quality in Health Care 34(3) ar fáil ag <https://academic.oup.com/intqhc/article/34/3/mzac057/6614629>

2 Tá tuilleadh faisnéise faoi 'Rialáil Chúí Oiriúnach' (Right Touch Regulation) ar fáil ag: <https://www.professionalstandards.org.uk/what-we-do/improving-regulation/Right-Touch-Regulation>



Ár DTREOIRPHRIONSABAIL

Tá ár dtreoirphrionsabail ag croílár ár bplean straitéisigh, rud a threoraíonn ár ngníomhaíochtaí, ár gcinntí agus ár n-idirghníomhaíochtaí leis an bpobal, le dochtúirí agus le páirtithe leasmhara.

Geallaimid seasamh leis na treoirphrionsabail sin, rud a chothaíonn cultúr a chumasaíonn ár bhfoireann, a thacaíonn le dochtúirí, agus a chinntíonn sábháilteacht othar. Tá na treoirphrionsabail sin mar bhonn ag ár n-idirghníomhaíochtaí le gach duine ar fud chontanam an chúraim sláinte.



Muinín

Gníomhaímid le hionracas, le macántacht agus le leanúnachas.



Meas

Caithimid le gach duine le dínit, cineáltas, comhbhá agus cothroime, ag fáiltiú roimh an éagsúlacht, roimh an gcomhionannas agus roimh an ionchuimsitheacht.



Cuntasacht

Glacaimid freagracht as ár ngníomhartha agus as ár gcinntí chun ár n-oibleagáidí mar chomhlacht rialála a chomhlíonadh go trédhearcach.



Comhoibriú

Déanaimid teagmháil agus oibrímid go réamhghníomhach le gach duine chun ár gcomhspríocanna a bhaint amach.



Barr Feabhais

Bainimid sármhaitheas amach trí fheabhsú leanúnach, trí chumasú, tríd an nuálaíocht agus tríd an bhfoghlaím.

Ár DTÉAMAÍ STRAITÉISEACHA

Agus ár bpríomhfheidhmeanna reachtúla á gcur i bhfeidhm againn, beidh na téamaí straitéiseacha seo a leanas mar bhonn agus mar thaca ag an bhforbairt a dhéanfaidh muid sna blianta amach romhainn.

Athrú



Déanfaimid ár gcuid seirbhísí agus ár gcuid tacaí a athrú ó bhonn chun freastal ar dhochtúirí agus ar an bpobal ar bhonn éifeachtach.

Le linn shaolré na straitéise seo, feabhsóimid ár gcroífheidhmeanna go leanúnach de réir an Achta.

Leanfaimid orainn ag athbhreithniú agus ag feabhsú éifeachtúlacht ár **bpróiseas clárúcháin**. Chuige sin, bainfimid leas as na cumhachtaí go léir san Acht le tacú le **clárú tráthúil dochtúirí**.

Beidh ról ríthábhachtach ag sonraí maidir lenár seirbhísí agus lenár dtacaíochtaí a athrú, cuirfidh siad ar ár gcumas dúinn léargais shoiléire inghníomhaithe a chur in iúl, rud a chabhróidh lenár bhfoirne cinntí feasacha a dhéanamh, chomh maith le dochtúirí agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoinár bpróisis agus faoinár dtorthaí.

Cumasú agus Tacaíocht



Cruthóimid timpeallacht rialála a fheabhsaíonn cáilíocht cúraim othar trí dhochtúirí a chumhachtú agus trí thacú leo.

Táimid tiomanta do thacú le timpeallacht ghairmiúil a **chosnaíonn an pobal ar bhealach níos fearr** agus a thacaíonn le fás gairmiúil leanúnach agus folláine dochtúirí.

Na caighdeáin agus na treoirínte maidir le hoideachas agus oiliúint dochtúirí, atá lárnach do rialáil éifeachtach réamhghníomhach, beidh sonraí agus léargais ónár ngníomhaíochtaí rialála mar bhonn eolais fúthu.

Mar thoradh ar ár gcuid oibre maidir le **gearáin a fháil agus fiosrúcháin a reáchtáil**, beimid réamhghníomhach maidir le réimsí riosca sábháilteachta d'othair a aithint.

Cuirfidh **an chaoi a ndéanaimid creidiúnú ar chlár oiliúna agus ár bpróisis iniúchta láithreáin** ar ár gcumas a aithint nuair nach dtacaíonn an timpeallacht le hoideachas sábháilte leighis, oiliúint nó cothabháil inniúlachta gairmiúla.

Iarmhéid



Úsáidfimid raon iomlán ár gcumhachtaí rialála chun an pobal a chosaint.

Cuirfimid ár bhfeidhmeanna rialála i bhfeidhm go comhréireach maidir le **clárú, coinneáil, oideachas agus oiliúint, cothabháil inniúlachta gairmiúla agus gearáin** chun **an pobal a chosaint** go réamhghníomhach agus muinín sa ghairm leighis a choinneáil.

Feabhsófar ár bhfeidhmeanna **bainistithe gearán** ach leasuithe a dhéanamh ar an reachtaíocht agus trí phróisis feabhsaithe leanúnaigh.

Cuirfimid athruithe reachtaíochta i bhfeidhm freisin chun ár bpróiseas **clárúcháin agus coinneála** a fheabhsú agus a neartú, faoi chuid 6 den Acht, de bheis ar chlár feabhsaithe leanúnaigh.

Mar bhonn faoi fheabhsuithe leanúnacha ar **chláir oideachais leighis agus inniúlachta gairmiúla** beidh na léargais a fhaighimid ón bpróiseas bainistithe gearán agus treochtaí atá ag teacht chun cinn i dtimpeallachtaí na rialála agus an chúraim sláinte – timpeallachtaí atá ag athrú de shíor.

Infheistiú



Déanfaimid infheistíocht inár nDaoine, inár gCultúr agus inár Rialachas chun ár gcuspóirí a bhaint amach.


Tá ár ndaoine* ríthábhachtach maidir le cinntiú go gcomhlíonann Comhairle na nDochtúirí Leighis a cuid oibleagáidí rialála agus go mbíonn cultúr ann in gcothaítear barr feabhais, ionracas agus feabhsú leanúnach.

Táimid tiomanta do dhaoine ardoilte agus spreagtha atá in ann oiriúnú d'éilimh na timpeallachta rialála síorathraithí a choinneáil, a fhorbairt agus a mhealladh

Leanfaimid orainn ag cumasú dár ndaoine **ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach de réir an Achta**.

Leanfaimid orainn ag cothú timpeallacht oibre dhearfach ionchuimsitheach a chothaíonn folláine agus forbairt ghairmiúil, áit a dtugtar cluas éisteachta do gach duine, a bhfuil muintearas ann agus a mothaíonn daoine go bhfuil meas orthu as a scileanna agus a gcumas faoi seach.


Is téarma comhchoiteann é *Ár nDaoine a chuimsíonn foireann Chomhairle na nDochtúirí Leighis, comhaltaí na Comhairle, comhaltaí an Choiste agus an phainéil, measúnóirí agus saineolaithe eile a oibríonn le Comhairle na nDochtúirí Leighis nó a thacaíonn leis an gComhairle agus í ag déanamh cinntí chun an pobal a chosaint.



Chuige sin, tá an Chomhairle tiomanta do chinntiú go gcosnaítear an pobal agus go dtugtar tacaíocht do dhochtúirí chun ardchaighdeán cleachtas liachta a bhaint amach.

Athrú

Déanfaimid ár gcuid seirbhísí agus ár gcuid tacaí a athrú ó bhonn chun freastal ar dhochtúirí agus ar an bpobal ar bhonn éifeachtach.



Le linn shaolré na straitéise seo, feabhsóimid ár gcroífhaidhmeanna go leanúnach de réir an Achta.

Leanfaimid orainn ag athbhreithniú agus ag feabhsú éifeachtúlacht ár **bpróiseas clárúcháin**. Chuige sin, bainfimid leas as na cumhachtaí go léir san Acht le tacú le **clárú tráthúil dochtúirí**.

Beidh ról ríthábhachtach ag sonraí maidir lenár seirbhísí agus lenár dtacaíochtaí a athrú, agus cuirfidh siad ar ár gcumas dúinn léargais shoiléire inghníomhaithe a chur in iúl, rud a chabhróidh lenár bhfoirne cinntí feasacha a dhéanamh, chomh maith le dochtúirí agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoinár bpróisis agus faoinár dtorthaí.

Cuspóirí Straitéiseacha

1 Príomhstraitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a stiúrfaidh an treo a rachaidh muid amach anseo agus forbairt inbhuanaithe ár gcroífhaidhmeanna agus ár gcaighdeán seirbhíse.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 1.1. Straitéis sonraí uile-eagraíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- 1.2. Straitéis digitithe a chuimsíonn teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun ár bpróisis rialála reatha, agus amach anseo, a chur chun cinn agus a fheabhsú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- 1.3. Úsáid a bhaint as straitéisí nua sonraí agus digitithe chun tacú le feidhmiú na gcóras nua a bharrfheabhsaíonn agus a bhrostaíonn soláthar ár gcroísheirbhísí, lena n-áirítear clárú, coinneáil bhliantúil, gearáin agus forbairt ghairmiúil.
- 1.4. Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thacóidh le Comhairle na nDochtúirí Leighis bheith ina heagraíocht inbhuanaithe atá meabhrach ar an gcomhshaol.

2 Leas a bhaint as na sonraí a ghabhtar trí fheidhmeanna agus trí phróisis rialála chun ár n-idirghabháil rialála a chuíchóiriú agus a fheabhsú i gcomhréir leis an leibhéal riosca.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 2.1. Príomhshonraí a shainiú, a ghabháil agus a ailíniú thar ghairmré rialála iomlán dochtúirí.
- 2.2. Úsáid na sonraí a ghabhtar ónár bpróisis rialála a uasmhéadú chun eolas a dhéanamh do mhéadracht feidhmíochta, na próisis clárúcháin agus coinneála bliantúla a chuíchóiriú, agus amlínte agus éifeachtúlacht a fheabhsú.
- 2.3. Leas a bhaint as sonraí próisis chun patrúin riosca sábháilteachta othar a aithint chun eolas a dhéanamh don leibhéal idirghabhála rialála a theastaíonn chun othair a chosaint.
- 2.4. Ár léargais sonraí agus ár dtuarascálacha a úsáid chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais náisiúnta agus do phleanáil straitéiseach don lucht saothair.
- 2.5. Ár sonraí a úsáid chun deiseanna foghlama a fheabhsú agus chun timpeallachtaí oiliúna agus cleachtais níos sábháilte a chinntiú ag gach céim de ghairmré an dochtúir.

3 Bainistiú éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní a chur i bhfeidhm chun ár spriocanna straitéiseacha agus ár bhfeidhmeanna reachtúla a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 3.1. Samhail airgeadais inbhuanaithe a fhorbairt a éascaíonn feabhsú leanúnach ár gcroífhaidhmeanna agus ár gcaighdeán seirbhíse, agus a thugann aghaidh ar an bhfás ar éileamh, ar chastacht agus ar chostas rialacháin.
- 3.2. Measúnú a dhéanamh ar an úsáid is fearr a bhaintear as acmhainní inmheánacha agus seachtracha chun luach don eagraíocht agus soláthar seirbhíse barrfheabhsaithe a áirithiú

4 Córas Bainistíochta agus Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm chun tacú le cultúr feabhsaithe leanúnaigh ar fud ár gcuid oibríochtaí agus córas go léir.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 4.1. Córais bhainistíochta agus dearbhaithe cáilíochta lúfar a thabhairt isteach ar fud ár bpróiseas riaracháin agus rialála.
- 4.2. Leas a bhaint as tuarascálacha ónár gcórais bhainistíochta agus dearbhaithe cáilíochta, chun eolas a dhéanamh d'fheabhsú próiseas agus d'athruithe córais riachtanacha.
- 4.3. Claontaí féideartha a aithint agus a mhaolú, rud a chinnteoidh go mbeidh ár gcórais agus ár bpróisis cothrom agus cruinn.



**Beidh ról
ríthábhachtach ag
sonraí maidir lenár
seirbhísí agus lenár
dtacaíochtaí a athrú.**

Cothromaíocht



Úsáidfidimid raon iomlán ár gcumhachtaí rialála chun an pobal a chosaint.

Cuirfidimid ár bhfeidhmeanna rialála i bhfeidhm go comhréireach maidir le **clárú, coinneáil, oideachas agus oiliúint, cothabháil inniúlachta gairmiúla agus gearáin** chun **an pobal a chosaint** go réamhghníomhach agus muinín sa ghairm leighis a choinneáil.

Feabhsófar ár bhfeidhmeanna **bainistithe gearán** ach leasuithe a dhéanamh ar an reachtaíocht agus trí phróisis feabhsaithe leanúnaigh.

Cuirfidimid athruithe reachtaíochta i bhfeidhm freisin chun ár bpróiseas **clárúcháin agus coinneála** a fheabhsú agus a neartú, faoi chuid 6 den Acht, de bhreis ar chlár feabhsaithe leanúnaigh.

Mar bhonn faoi fheabhsuithe leanúnacha ar **chláir oideachais leighis agus inniúlachta gairmiúla** beidh na léargais a fhaighimid ón bpróiseas bainistithe gearán agus treochtaí atá ag teacht chun cinn i dtimpeallachtaí na rialála agus an chúraim sláinte – timpeallachtaí atá ag athrú de shíor.

Cuspóirí Straitéiseacha

5 Leanúint ar aghaidh ag forbairt samhail rialála feabhsaithe, Chuí, Oiriúnach agus éifeachtach ar feadh gairmré dochtúirí.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir sin a bhaint amach:

- 5.1. Prionsabail an Rialacháin 'Chuí Oiriúnaigh' a ghlacadh³ a áirithíonn próisis rialála láidir comhréireach atá bunaithe ar riosca.
- 5.2. Ár gcur chuige rialála a athbhreithniú ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go mbíonn an cineáltas agus an chomhbhá neadaithe inár gcaidreamh le páirtithe leasmhara.
- 5.3. Ár n-aird a chothromú ar feadh ár bhfeidhmeanna rialála go léir, lena n-áirítear clárú, coinneáil, monatóireacht, oiliúint agus oideachas ar feadh an tsaoil, measúnú feidhmíochta, agus gearáin.
- 5.4. Na próisis clárúcháin agus coinneála bliantúla a chuíchóiriú chun amlínte agus éifeachtúlacht a fheabhsú.
- 5.5. Úsáid a bhaint as ár bhfeidhmeanna rialála go léir chun deiseanna foghlama a fheabhsú agus timpeallachtaí oiliúna agus cleachtais níos sábháilte a chinntiú ag gach céim de ghairmré an dochtúir.

6 Cur chuige nua a fhorbairt chun déileáil le haon ábhar imní a ardaítear faoi dhochtúir a chosnaíonn an pobal, atá comhréireach leis an riosca, rud a chinnteoidh go réiteofar agus go ndúnfar cásanna níos gasta.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 6.1. Cur chuige nua rialála a thabhairt isteach chun freagairt d'aon ábhar imní maidir le cleachtas dochtúra, iad siúd a dteastaíonn idirghabháil Chomhairle na nDochtúirí Leighis uathu a bhrostú, agus daoine eile a threorú chuig bealaí eile nuair atá sin indéanta.
- 6.2. Creat bunaithe ar riosca a chur i bhfeidhm ar feadh chontanam an phróisis ghearáin chun tacú le cinnteoireacht agus réiteach cáis a bhrostú.
- 6.3. Feabhas a chur ar an tréimhse a thógtar chun gearáin a réiteach trí fheabhsuithe próisis a chur i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha na nAchtanna Leasaithe⁴.

3 Tá tuilleadh faisnéise faoi 'Rialáil Chuí Oiriúnach' (Right Touch Regulation) ar fáil ag: <https://www.professionalstandards.org.uk/what-we-do/improving-regulation/Right-Touch-Regulation>

4 Na hAchtanna um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) Leasaithe, 2020 agus 2023.

Is féidir an tAcht um Ghairmeacha Rialaithe (Cúram Sláinte agus Sóisialach) 2020 a fháil ag <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2020/act/16/enacted>

Is féidir an tAcht um Ghairmeacha Rialaithe (Cúram Sláinte agus Sóisialach) 2023 a fháil ag <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2023/act/14/enacted/en/html>

7 Creataí reachtúla nua a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm chun tacú lenár sainchúram rialála chun cinntí tráthúla agus ardchaighdeáin a éascú.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 7.1. Beartas, rialacha agus nósanna imeachta rialála nua a fhorbairt mar ullmhúchán do theacht isteach reachtaíochta nua.
- 7.2. Oibriú leis an Roinn Sláinte ar reachtaíocht agus leasuithe amach anseo.
- 7.3. Na forálacha agus an raon feidhme laistigh den reachtaíocht reatha agus na cleachtais rialála is fearr chun ár sainchúram a bhaint amach a uasmhéadú.



Tá raon leathan cumhachtaí rialála againn atá chomh tábhachtach céanna maidir le cleachtas sábháilte liachta a chur chun cinn.

Cumasú agus Tacaíocht



Cumasóidh muid dochtúirí agus tacóidh muid leo chun timpeallacht rialála a fheabhsaíonn cáilíocht cúraim othar a chothú.

Táimid tiomanta do thacú le timpeallacht ghairmiúil a **chosnaíonn an pobal ar bhealach níos fearr** agus a thacaíonn le fás gairmiúil leanúnach agus folláine dochtúirí.

Na caighdeáin agus na treoirleint maidir le hoideachas agus oiliúint dochtúirí, atá lárnach do rialáil éifeachtach réamhghníomhach, beidh sonraí agus léargais ónár ngníomhaíochtaí rialála mar bhonn eolais fúthu.

Mar thoradh ar ár gcuid oibre maidir le **gearáin a fháil agus fiosrúcháin a reáchtáil**, beimid réamhghníomhach maidir le réimsí riosca sábháilteachta d'othair a aithint.

Cuirfidh **an chaoi a ndéanaimid creidiúnú ar chlár oiliúna agus ár bpróisis iniúchta láithreáin** ar ár gcumas a aithint nuair nach dtacaíonn an timpeallacht le hoideachas sábháilte leighis, oiliúint nó cothabháil inniúlachta gairmiúla.

Cuspóirí Straitéiseacha

8 Éisteacht le dochtúirí, leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara, agus teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh leo, chun tuiscint níos fearr a chothú, comhar a chothabháil agus comhpháirtíochtaí níos láidre a fhorbairt.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 8.1. Éisteacht, foghlaim, breathnú, agus bheith suas chun dáta ar eolas, chun próisis rialála freagracha a sholáthar.
- 8.2. Ár nguth rialála a úsáid chun ceist rioscaí sábháilteachta othar a tugadh faoi deara inár bpróisis a ardú.
- 8.3. Treoir agus faisnéis ghairmiúil a sholáthar chun tacú le dochtúirí agus le gearánaigh agus iad ag dul trí phróisis rialála Chomhairle na nDochtúirí Leighis.
- 8.4. Teagmháil fóna a dhéanamh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gníomhaireachtaí rialála eile, chun léargais a fháil agus a roinnt agus chun ár gcaidreamh leo a neartú tuilleadh.
- 8.5. Leanúint orainn ag tógáil caidreamh agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun nuálaíocht agus dea-chleachtas sa rialáil leighis a chur chun tosaigh.

9 Ár léargais a chur i bhfeidhm ar shaincheisteanna agus ar threochtaí atá ag teacht chun cinn sa rialáil ghairmiúil agus sa chóras cúram sláinte i gcoitinne, rud a neartóidh ár nguth rialála.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 9.1. Ár gcuid oibre maidir le taighde a dhéanamh, beartais rialála a mhúnlú agus ráitis maidir lenár seasamh a fhorbairt chun ár bhfreagairt rialála a threorú, a fhorbairt agus a chur in iúl.
- 9.2. Dul i mbun faire na fáistine chun teacht ar théamaí atá ag teacht chun cinn sa rialáil agus laistigh den chóras cúram sláinte i gcoitinne agus aghaidh a thabhairt orthu.
- 9.3. Ár ndeiseanna lenár sonraí, lenár dtaighde agus lenár léargais a roinnt a uasmhéadú chun cur leis an idirphlé agus le beartais maidir le rialáil dochtúirí ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

10 Treoir rialála thráthúil a sholáthar do dhochtúirí agus do pháirtithe leasmhara maidir le beartais, tionscnaimh, reachtaíocht agus teicneolaíochtaí nua cúram sláinte.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 10.1. Ár bhfeidhmeanna agus ár bpróisis rialála a ailíniú le haon reachtaíocht a thiocfaidh chun cinn de réir mar is cuí.
- 10.2. Treoir bhreise a sholáthar don Treoir um Iompar agus Eitic Ghairmiúil chun tacú le dochtúirí ina gcleachtas.
- 10.3. Ár n-acmhainn sonraí, taighde agus beartais a úsáid chun cosaint an phobail a fheabhsú agus chun dul i ngleic le forbairtí beartais agus reachtaíochta sa timpeallacht chúram sláinte agus chun tionchar a imirt orthu.


11 Leas a bhaint as léargais thábhachtacha ónár n-oibríochtaí rialála chun eolas a dhéanamh d'éabhlóid cláir fochéime, iarchéime agus forbartha gairmiúla leanúnaí.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 11.1. Úsáid a bhaint as sonraí a fhaightear ónár bpróisis rialála mar aon le sonraí ábhartha arna soláthar ag scoileanna leighis creidiúnaithe, comhlachtaí oiliúna iarchéime agus suíomhanna cliniciúla, agus ó eintitis ghaolmhara náisiúnta agus réigiúnacha chun feabhsuithe a chur i gcrích le linn gairmré dochtúirí.
- 11.2. Ár sonraí agus ár léargais a roinnt le dochtúirí, le scoileanna leighis agus le comhlachtaí oiliúna iarchéime chun eolas a dhéanamh dá gcuid clár agus chun comhthéacs níos forleithne a sholáthar, rud a chinnteoidh go gcumasófar comhpháirtithe ar feadh an chontanaim.
- 11.3. Oibriú le comhpháirtithe ar shaincheisteanna agus ar dhúshlán atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear folláine dochtúirí, caidreamh gairmiúil ildisciplíneach, folláine an domhain, an intleacht shaorga, an comhionannas, an éagsúlacht, an ionchuimsitheacht agus cúram sláinte inbhuanaithe.

Táimid tiomanta
cluas éisteachta a
thabhairt do gach
duine a dhéanann
eolas don obair
a dhéanaimid
agus a n-imríonn
tionchar uirthi.

Infheistiú



Déanfaimid infheistíocht inár nDaoine, inár gCultúr agus inár Rialachas chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

Tá ár ndaoine ríthábhachtach maidir le cinntiú go gcomhlíonann Comhairle na nDochtúirí Leighis a cuid oibleagáidí rialála agus go mbíonn cultúr ann in gcothaítear barr feabhais, ionracas agus feabhsú leanúnach.

Táimid tiomanta do dhaoine ardoilte agus spreagtha atá in ann oiriúnú d'éilimh na timpeallachta rialála síorathraithí a choinneáil, a fhorbairt agus a mhealladh.

Leanfaimid orainn ag cumasú dár ndaoine **ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach de réir an Achta.**

Leanfaimid orainn ag cothú timpeallacht oibre dhearfach ionchuimsitheach a chothaíonn folláine agus forbairt ghairmiúil, áit a dtugtar cluas éisteachta do gach duine, a bhfuil muintearas ann agus a motháíonn daoine go bhfuil meas orthu as a scileanna agus a gcumas faoi seach.

Cuspóirí Straitéiseacha

12 Cultúr láidir toiliúil bunaithe ar ár dtreoirphrionsabail a chothú chun ár gcuspóirí agus ár spriocanna straitéiseacha a chur chun cinn.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:

- 12.1. Ár dtreoirphrionsabail agus ár n-iompraíocht a neadú ar fud na heagraíochta ar fad, lena n-áirítear sa Chomhairle, sa bhfoireann agus i gcoistí.
- 12.2. Réimsí a fheabhsóidh taithí, táirgiúlacht agus coinneáil na foirne ar bhonn rialta a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu, trí mheasúnú cultúir agus tionscnaimh rialta a dhéanamh.
- 12.3. Infheistíocht a dhéanamh sna bealaí a n-oibrímid, i bhforbairt foirne, i gcomhar idirfhoirne agus seachtrach chun soláthar seirbhíse níos fearr a chinntiú.
- 12.4. Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil prionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta leabaithe i ngach gné dár gcuid oibre.

13 Ár n-eagraíocht, ár rialachas, ár n-oibríochtaí cinnteoireachta agus ár nósanna imeachta a fhorbairt agus a fheabhsú ar fud na bhfeidhmeanna go léir ag cinntiú ailíniú leis na cleachtais rialála is fearr.

Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir seo a bhaint amach:


- 13.1. Tionscnaimh chomhlíonta rialachais a chur chun cinn chun comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chinntiú ⁵.
- 13.2. Feabhas a chur ar fheasacht agus ar thrédhearcacht ár bpróiseas cinnteoireachta dóibh siúd a úsáideann ár seirbhísí trí threoidhoiciméadacht níos fearr a sholáthar.
- 13.3. Athbhreithniú, meastóireacht agus feabhas a chur ar shocruithe, ar struchtúir rialála, ar oibiúcháin, ar acmhainn agus ar fheidhmíocht na Comhairle chun a chinntiú go bhfuil siad éifeachtach, barrfheabhsaithe agus inbhuanaithe.
- 13.4. Rialachas agus feidhmiú ár gcoistí reachtúla a athbhreithniú agus a fheabhsú go leanúnach chun cinnteoireacht thráthúil éifeachtach a éascú.

⁵ Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le fáil ag <https://www.gov.ie/ga/publication/0918ef-code-of-practice-for-the-governance-of-state-bodies/>

Torthaí Straitéiseacha

Bainfear amach cuspóirí straitéiseacha Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus an méid a leanas bainte amach:

Athrú



- Tá feabhas tagtha ar ár bpríomhfheidhmeanna agus ar ár n-oibríochtaí, go háirithe iad siúd a bhaineann le **clárú** agus le **gearáin agus fiosrúcháin**, agus cuirtear ar fáil iad ar bhealach níos éifeachtúla.
- Beidh ár straitéisí sonraí agus digitithe mar bhonn faoinár gcórais dhigiteacha.
- Ár n-idirghabhálacha, **cosnaíonn siad an pobal**, tá siad comhréireach leis an leibhéal riosca, agus tacaíonn siad le dochtúirí agus iad faoi oiliúint agus ina gcleachtas.
- Déantar acmhainní a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil chun ár spriocanna straitéiseacha agus ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh ar bhealach inbhuanaithe.
- Beidh samhail inbhuanaithe airgeadais forbartha againn a éascóidh feabhsú leanúnach ár bpríomhfheidhmeanna.
- Cuirtear córais bhainistíochta agus dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm ar fud ár bhfeidhmeanna rialála.




Cumasú agus Tacaíocht

- Úsáidfear na sonraí a ghinfear chun rioscaí sábháilteachta d'othair agus idirghabhálacha rialála iomchuí a shainaithint, i gcomhréir leis an Acht agus **chun an pobal a chosaint**.
- Tá úsáid á baint as sonraí staitistiúla ón gclár agus ónár bpróisis chlárúcháin agus choinneála le bhonn eolais a chur faoi bheartas náisiúnta agus faoi phleanáil straitéiseach fórsa saothair.
- Tá treoir rialála eisithe againn go tráthúil maidir le beartais, tionscnaimh, reachtaíocht agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i gcúram sláinte.
- Tá bonn eolais curtha againn faoi éabhlóid clár fochéime, iarchéime agus forbartha gairmiúla leanúnaí trí leas a bhaint as léargais thábhachtacha ónár n-oibríochtaí rialála.

Iarmhéid



- Beidh cur chuige comhréireach agus prionsabálta glactha againn i leith dearadh rialála, lena n-áirítear prionsabail na rialála tomhaiste atá leabaithe ar fud ár bpríomhfheidhmeanna go léir.
- Tá cur chuige nua rioscabhunaithe curtha i bhfeidhm le plé le **gearáin agus fiosrúcháin**, rud ba chúis le réiteach agus idirghabháil rialála níos gasta, agus laghdú ar líon na ngearán a cuireadh ar aghaidh lena bhfiosrú.
- Tacaíonn creataí reachtúla agus rialachais lenár gcroífeidhmeanna ar aon dul leis na cleachtais rialála is fearr.



Infheistiú

- Tá ár dtreoirphrionsabail agus ár n-iompraíocht leabaithe ar fud na heagraíochta, i ngach gné dár gcuid oibre agus inár ndaoine.
- Tá ár struchtúir rialachais agus cinnteoireachta éifeachtach agus inbhuanaithe.
- Leanann ár ndaoine orthu ag tógáil ar na scileanna a theastaíonn uathu chun a róil a chomhlíonadh laistigh den Chomhairle. Tá níos mó neamhspleáchais acu agus tá sé de chumhacht acu labhairt amach agus foghlaim laistigh de thimpeallacht oibre ionchuimsitheach.
- Leanaimid orainn ag coinneáil agus ag mealladh baill foirne ar ardchaighdeán, ag tairiscint róil dhinimiciúla, dhúshlánacha agus shásúla agus tá clú ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis mar áit fhiúntach le bheith ag obair.

Ár gCumasóirí Straitéiseacha

Tacaíonn cumasóirí straitéiseacha le cur i bhfeidhm rathúil agus le hinbhuanaitheacht ráitis straitéise. Seo iad na príomhchumasóirí straitéiseacha a chinnteoidh go gcuirfidh Comhairle na nDochtúirí Leighis an Ráiteas Straitéise seo i bhfeidhm:



Ceannaireacht agus Rialachas

Tá ceannaireacht láidir agus struchtúir rialachais éifeachtacha riachtanach chun an treo straitéiseach a choinneáil, chun cinntí feasacha a dhéanamh, agus chun cuntasacht a chinntiú laistigh den chomhlacht rialála. Beidh ár Struchtúr Eagraíochta nua, a cuireadh i bhfeidhm go déanach in 2023, mar phríomhchumasóir do rath na straitéise seo.



Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Cuidíonn teagmháil fhóna le príomhpháirtithe leasmhara, leis an bpobal, le dochtúirí, le hothair, le Ranna Rialtais, le fostóirí, leis an tseirbhís sláinte i gcoitinne, le comhlachtaí rialála, le scoileanna leighis, le comhlachtaí oiliúna iarchéime agus le heagraíochtaí ionadaíocha linn muinín a chothú, léargais luachmhara a bhailiú, agus comhar a chothabháil.



Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Trí leas a bhaint as teicneolaíocht nua-aimseartha agus réitigh nuálacha, feabhsaítear próisis rialála, feabhsaítear éifeachtúlacht, agus cinntítear go mbeidh an comhlacht rialála freagrúil do threochtaí agus do dhúshláin atá ag teacht chun cinn.



Sonraí agus Anailísíocht

Díríonn sonraí agus anailísíocht aird ar shaincheisteanna agus ar threochtaí, déanann siad eolas don chinnteoireacht, déanann siad monatóireacht ar chomhlíonadh, agus cuireann réimsí atá le feabhsú ar ár súile dúinn. Tá sé sin ríthábhachtach do rialáil atá bunaithe ar fhianaise agus d'fheabhsú leanúnach, agus is cumasóir lárnach é d'fheidhmiú ár straitéise.



Lucht Saothair Oilte

Tá lucht saothair ardoilte agus eolach ríthábhachtach chun an straitéis rialála a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Áirítear leis sin oiliúint agus forbairt leanúnach chun an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi dhea-chleachtais agus faoi athruithe rialála.



Cumarsáid Shoiléir

Tá cumarsáid agus rannpháirtíocht thrédhearcach agus éifeachtach ríthábhachtach do chur chun feidhme na straitéise seo.



Bainistiú Riosca

Cabhraíonn cleachtais láidre bainistíochta riosca le rioscaí féideartha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chumas an chomhlachta rialála a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a aithint, a mheasúnú agus a mhaolú.




Acmhainní Airgeadais

Tá gá le hacmhainní airgeadais leordhóthanacha chun tacú le cur chun feidhme tionscnamh straitéiseach, infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht, agus éifeachtacht oibriúcháin a choinneáil.



Ailíniú Cultúrtha

Trí chultúr a chothú a ailíníonn lenár dtreoirphrionsabail, lenár gcuspóir agus lenár bhfís, cuirtear chun cinn dúthracht chomhroinnte i measc na foirne agus na bpáirtithe leasmhara.





Comhairle na
nDochtúirí Leighis
Medical Council

Comhairle na nDochtúirí Leighis
Teach Kingram
Plás Kingram
Baile Átha Cliath 2
D02 XY88

info@mcirl.ie
www.medicalcouncil.ie